Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Samhain 2020
(OR. en)

13529/20

ECOFIN 1114
UEM 401
DEVGEN 180

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 13116/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le faoiseamh fiachais idirnáisiúnta, go háirithe do thíortha na hAfraice<br>– Conclúidí ón gComhairle arna bhformheas tríd an nós imeachta i scríbhinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le faoiseamh fiachais idirnáisiúnta, go háirithe do thíortha na hAfraice, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn an 30 Samhain 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le faoiseamh fiachais idirnáisiúnta, go háirithe do thíortha na hAfraice**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na brúnna méadaithe leachtachta a eascraíonn as géarchéim COVID-19 agus an méadú suntasach atá tagtha ar leochaileachtaí fiachais i dtíortha ísealioncaim, go háirithe san Afraic, agus i ndáil leis an méid sin TACAÍONN SÍ le cur chuige comhordaithe idirnáisiúnta maidir le hiarrachtaí i ndáil le faoiseamh fiachais do thíortha na hAfraice, laistigh de na creataí iltaobhacha ábhartha.

2. Is DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta maidir le Tionscnamh G20-Chlub Pháras chun Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí (DSSI) agus an cinneadh a rinne G20 le déanaí síneadh 6 mhí a chur le DSSI, go dtí an 30 Meitheamh 2021, agus scrúdú a dhéanamh faoin am a bheidh Cruinniú Earraigh CAI/WBG 2021 ar siúl an gá síneadh 6 mhí eile a chur le DSSI mar gheall ar an staid eacnamaíoch agus airgeadais.

3. TÁ SÍ TIOMANTA do chur chun feidhme iomlán agus trédhearcach Thionscnamh G20-Club Pháras chun Seirbhísiú Fiachais a chur ar Fionraí (DSSI), a bhí bunriachtanach chun tacú leis na tíortha a d'iarr rannpháirtíocht trí spás fioscach a shaoradh chun bearta sóisialta, sláinte agus eacnamaíocha a mhaoiniú mar fhreagairt ar an bpaindéim, agus chun leanúint de chomhordú dlúth a dhéanamh ar an gcur chun feidhme laistigh de G20 chun an tacaíocht is mó is féidir a chur ar fáil do thíortha atá incháilithe do DSSI. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do gach institiúid iasachtaí a ghníomhaíonn thar ceann chomhaltaí G20 DSSI a chur chun feidhme go hiomlán ar bhealach trédhearcach.

4. AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh sé go mbeadh gá le cóireálacha fiachais nach bhfuil in DSSI i gcás tíortha a bhfuil leibhéil fiachais neamh-inbhuanaithe acu. Ar mhaithe le hiasachtaithe agus iasachtóirí araon, ba cheart athstruchtúrú fiachais a chaibidil, de réir an cháis nuair is gá sin, trí bhíthin cur chuige iltaobhach comhordaithe in éineacht le CAI/an Banc Domhanda agus Club Pháras, agus a áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht ag an earnáil phríobháideach sa scéal. Ba cheart go mbeadh cóireálacha fiachais ag brath ar choinníollacht láidir maidir le bainistiú airgeadais phoiblí, le creataí frithéillithe agus le slógadh acmhainní intíre i gcomhthéacs chlár de chuid CAI. IS DÍOL SÁSAIMH DI comhaontú G20 maidir le "Creat Comhchoiteann um Chóireáil Fiachais lasmuigh de DSSI", a chomhaontaigh Club Pháras freisin, mar chéim mhór chun tosaigh in ailtireacht idirnáisiúnta athstruchtúrú an fhiachais cheannasaigh. Tá ról lárnach ag an gCreat comhchoiteann chun comhordú láidir na gcreidiúnaithe a áirithiú agus chun láimhseáil fiachais atá tráthúil agus ordúil a éascú do thíortha atá incháilithe do DSSI, le rannpháirtíocht leathan na gcreidiúnaithe lena n-áirítear an earnáil phríobháideach ar bhonn na córa inchomparáide. Iarraimid ar CAI anailís a ullmhú ar riachtanais mhaoinithe sheachtracha na dtíortha atá i mbéal forbartha, agus ar roghanna maoiniúcháin inbhuanaithe.

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an trédhearcacht fiachais ríthábhachtach chun measúnú fónta a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fiachais, ar chuntasacht rialtais fhiachaigh, agus chun cinntí eolasacha a chumasú d'iasachtaithe agus do chreidiúnaithe i gcomhthéacs iarrachtaí maidir le faoiseamh fiachais, agus gur cheart, dá bhrí sin, na sonraí uile fiachais phoiblí a nochtadh. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag CAI agus ag an mBanc Domhanda maidir le próiseas réitigh sonraí fiachais chun cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí fiachais a neartú agus chun feabhas a chur ar nochtadh an fhiachais. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí idirnáisiúnta lena ndírítear ar thrédhearcacht fiachais a neartú i dtíortha ísealioncaim, lena n-áirítear nuashonrú a dhéanamh ar an gcur chuige ilghnéitheach ó CAI agus ón mBanc Domhanda chun cabhrú le tíortha aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí fiachais atá ag teacht chun cinn, cur chun feidhme Threoirlínte Oibríochtúla G20 maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, agus cur chun feidhme Phrionsabail dheonacha na hinstitiúide idirnáisiúnta airgeadais maidir le Trédhearcacht Fiachais.